



Eleathanach250

Dé Luain 12 Nollaig 2016

Bás File Cháiliúil

Ag deireadh na seachtaine fuair an file cáiliúil John Montague bás. Scríobh sé scéalta freisin. Rugadh Montague i Nua-Eabhrac i Meiriceá sa bhliain 1929. Nuair a bhí sé ceithre bliana d'aois cuireadh ar ais go hÉirinn é go dtí gaolta leis. Tógadh i dTír Eoghain é ansin. Scríobh sé go minic faoi Chúige Uladh agus faoin gcultúr Gaelach.

Chaith sé seal ag léachtóireacht in Ollscoil Chorcaí. Scríobh sé i mBéarla ach bhí an-suim aige i litríocht na Fraince freisin. Fuair sé bás in Nice i nDeisceart na Fraince. Dúirt Uachtarán na hÉireann go raibh an-bhrón air cluinstitín faoi bhás an fhile Éireannaigh seo.



X Factor

Chan Louis Tomlinson ar an XFactor oíche Shathairn. Bhí an-bhrón ar Louis Tomlinson toisc go bhfuair a mhamaí bás. Bhí sí an-óg.

Chan Honey G freisin. Is maith le go leor daoine Honey G agus tá singil nua aici anois! Chan Kylie Minogue agus Little Mix ar an gclár freisin!


Chan Saara Aalto agus Matt Terry sa chraobh. Bhuaigh Matt Terry an clár! Bhí an-áthas air agus ar a theaghlach! Bhí Nicole Scherzinger ar mhuintir na muice freisin! Comhghairdeas le Matt ón Eleathanach!



Páras: aer truailithe go dona

Bhí fadhb mhór eile i bPáras an tseachtain seo caite. Bhí an t-aer truailithe. Bhí scamall mór den toitcheo ina luí os cionn na cathrach. Bhí sé chomh holc sin nach raibh barr an *Eiffel Tower* le feiceáil!

Gach lá bhí cosc ar leath na gcarranna ar na sráideanna. Na carranna a raibh uimhreacha corra ar na cláir (m.s.h 1,3,5) bhí siad ceadaithe lá amháin agus carranna le huimhreacha cothroma (m.s.h 2,4,6) an chéad lá eile. Bhí cead ag muintir na cathrach agus ag turasóirí taisteal saor in aisce ar an gcóras iompar poiblí.



Bhí an t-aer truailithe i bPáras.